Vacsaín teiteanais agus diftéire
Eolas le haghaidh Tuistí

Céard is teiteanas agus diftéire ann?

Is ionann **Diftéire** agus galar baictéarach tógálach a d'fhéadfadh cumhdach tiubh a chruthú sa tsrón, sa scórnach nó san aer-phíobán.
Siomtóim: scórnach tinn, fiabhras, tinneas cinn agus croíráta tapaidh.
Aimhréidh fhéideartha: teip croí, pairilis, fadhbanna anála tromchúiseacha nó deacracht le análadh.

Is ionann **Teiteanas** (‘glas géill’) ná galar a chruthaíonn freanga matán phianmhar.
Aimhréidh fhéideartha: taomanna agus deacrachtaí le análadh. Is minic a bhíonn sé marfach.

An bhfuil vacsaín ann dó?
Is teanndáileog vacsaíne í an vacsaín **Td**, a chuireann cosaint ar fáil do do leanbh ar Theiteanas agus ar Dhiftéire. Oibríonn an vacsaín tríd an gcóras imdhíonachta a spreagadh, chun cosaint a thógáil i gcoinne na ngalar seo.

Cén duine a mbeadh vacsaín Td ag teastáil uaidh/uaithi?
Tugtar an vacsaín Td do pháistí san aois idir 11 agus 14 bliana d'aois. Tugtar na vacsaíní teiteanais agus diftéire mar chuid den 5 in 1 nó den 4 in 1 chomh maith. Más rud é nach bhfuil tú cinnte de cén vacsaíní atá faighte ag do leanbh, cuir ceist ar do dhochtúir teaglaigh (GP) nó ar d'altra sláinte poiblí chun a t(h)aifead vacsaínithe a sheiceáil.

Cé a thugann an vacsaín?
Tairscítear an vacsaín de ghnáth mar chuid de chlár vacsaínithe na scoile. Seolfaidh an Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) litir agus foirm toilithe chugat trí scoil do linbh.

Sna contaetha den Chabháin, de Dhún na nGall, Liatroim, Sligeach, Muineachán, an Mhí, an Lú agus i gceantair áirithe de Bhaile Atha Cliath Thuaidh, tá seans ann nach mbeidh an vacsaín Td á tairiscint ag do chlár vacsaínithe scoile de chuid na Feidhmeannachta na Seirbhíse Sláinte. Sa chás seo, seolfaidh an FSS litir chugat, ag iarraidh ort chun do leanbh a thabhairt chuig do dhochtúir ginearálta (GP) nuair a bheidh an vacsaín ag teastáil.

Céard a tharlaíonn má chailleann mo leanbh an lá vacsaínithe scoile?
Is féidir an vacsaín a fháil go fóill. Socróidh FSS é chun go ndéanfar vacsaíniú ar do leanbh ag clinic speisialta nó is féidir go n-iarrfar ort do leanbh a thabhairt ag do dhochtúir ginearálta don vacsaíniú.

Céard a tharlóidh tar éis don vacsaín a bheith tugtha?
Is annamh ar fad a fheictear fo-iarsmaí i ndiaidh na vacsaíne Td. D'fhéadfadh do leanbh a bheith tinn, ataithe nó dearg timpeall áite an insteallta. D'fhéadfadh sé/sí a bheith cantalach agus

d'fhéadfadh fiabhras a bheith air/uirthi. Má tharlaíonn sé seo, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein a thabhairt dó/di. Ba cheart go leor le n-ól a thabhairt dó/di chomh maith. Bí cinnte nach bhfuil sé/sí ró-the agus nach mbíonn a c(h)uid éadaí ag cuimilt i gcoinne áit an insteallta.

Cé hiad na daoine nár chóir dóibh an vacsaín Td a fháil?

Tá an vacsaín Td an-shábháite. Is beag fáth atá ann gan í a thabhairt do dhuine. Ba cheart duit fanacht sula bhfaighidh tú vacsaín más rud é:

- gur tháinig frithghníomhú ailléirgeach tromchúiseach ar do leanbh mar gheall ar dháileog vacsaíne roimhe seo.
- go bhfuil fiabhras thar 38 ^{o}C nó 100^{o}F ag do leanbh, ach amháin sa chás go bhfuil cneá aige/aici a d'fhéadfadh a bheith tugtha d'ionfhabhtú teiteanais.

Chun a thuilleadh eolais a fháil

- Téigh i dteagmháil le d'fhoireann vacsaínithe scoile, do dhochtúir ginearálta nó d'altra cleachtaidh.
- Faigh cóip de **Imdhíontaí do linbh – Treoir do thuistí** ó d'altra sláinte poiblí
- Tabhair cuairt ar www.immunisation.ie nó www.hpsc.ie

Arna fhoilsiú ag: Oifig Náisiúnta FSS um Imdhíonú
Dáta foilsithe: Deireadh Fómhair 2007
Cód Ordaithe: HPM00483